ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN | BROADCASTING AUTHORITY OF IRELAND

Tuarascáil Athbhreithniúcháin ar Phlean Gníomhaíochta Inscne BAI 2018 & 2019 agus Tograí i gcomhair 2020.

Márta 2020

Tuarascáil Athbhreithniúcháin ar Phlean Gníomhaíochta Inscne BAI 2018 & 2019.

Tugtar achoimre sa tuarascáil seo ar na gníomhaíochtaí a glacadh ar láimh mar chuid de Phlean Gníomhaíochta Inscne an BAI ("an Plean") in 2018 agus 2019 agus tugtar breac-chuntas ann ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe i gcomhair 2020. Tugadh faoi ghníomhaíochtaí 2018 agus 2019 faoi cheithre cholún an Phlean: bailiú agus foilsiú sonraí, taighde, tionscnaimh inscne a spreagadh, cuntasacht.

1. Bailiú agus Foilsiú Sonraí

Gealltanas: *Tá leasú déanta ar an bhfoirm iarratais Fuaime & Físe chun gur féidir sonraí inscne a bhailiú i dtaobh na ról cruthaitheach Léiritheoir, an Stiúrthóir agus Scríbhneoir. Beidh ar iarratasóirí ar mhaoiniú anois inscne na dtrí ról chruthaitheacha sin a leagan amach tráth an iarratais a dhéanamh.*

A ndearnadh:

Feidhmchlár Fuaime & Físe - Ó Bhabhta 30 den Scéim Fuaime & Físe a seoladh i mí Mheán Fómhair 2017, leasaíodh foirm iarratais na Scéime chun gur féidir sonraí inscne a bhailiú i dtaobh na ról cruthaitheach Léiritheoir, Stiúrthóir agus Scríbhneoir. Bailíodh faisnéis bhreise i dtaobh ról (Eagarthóir agus Stiúrthóir Fótagrafaíochta) ó Bhabhta 32 i mí Mheán Fómhair 2018. Tá sonraí cuimsitheacha a chuimsíonn gach babhta de chuid na scéime Fuaime & Físe ó Mheán Fómhair 2017 i leith i gceangal in Aguisín 1.

Ceanglaítear ar gach iarratasóir ar Fhuaim & Fís faisnéis inscne a áireamh mar chuid dá n-iarratas ar mhaoiniú agus déantar na sonraí sin a thaifeadadh ar BAIOnline.ie. Úsáidtear an fhaisnéis sin ansin mar chritéar measúnúcháin mar chuid de phróiseas measúnúcháin straitéisigh an BAI. Chomh maith leis sin, de réir mar a dhéantar na sonraí a ghabháil trí BAIOnline, déantar iad a thiomsú agus a chur i láthair i bhfoirm ghraif agus foilsíonn an BAI ar líne iad, mar ghraif aonair ar na meáin shóisialta nó mar chuid de nóta an Údaráis a chomhroinntear go poiblí ar iarratas nó foilsítear iad trí shuíomh gréasáin an BAI nuair is gá. Ba cheart a thabhairt faoi deara leis, i gcás Bhabhta 33 a seoladh i mí Mheán Fómhair 2019, gur thug an BAI isteach tionscnamh nua a chuir béim ar leith ar thionscadail ina n-insítear scéalta na mban agus áiríodh ann critéar straitéiseach breise ag céim an mheasúnaithe d'fhonn iarratais a spreagadh ina leith sin. Rinneadh an tionscnamh sin a phoibliú go forleathan trí phreasráiteas, trí nuashonruithe ríomhphoist ón BAI, trí láithreán gréasáin an BAI agus trí chainéil meán sóisialta an BAI. Ina theannta sin, thug Feidhmeannacht an BAI roinnt agallamh leis na meáin chumarsáide chun an tionscnamh a chur chun cinn.

Anailís: Trí anailís a dhéanamh ar na sonraí i leith iarratais ar éirigh leo faoi Fhuaim & Fís (Aguisín 1) ó Bhabhta 30 go Babhta 33, **is dealraitheach go léiríonn na figiúirí go bhfuil méadú ag teacht ar rannpháirtíocht na mban i bpríomhróil chruthaitheacha**. De bharr an cheanglais ar iarratasóirí faisnéis inscne a áireamh i dtaobh na bpríomhról cruthaitheach sin, tugadh níos mó airde ar an tábhacht a thugann an BAI d'ionchuimsiú na mban san earnáil. Is forbairt thábhachtach í seo ó thaobh éagsúlacht lasmuigh den aer / lasmuigh den scáileán, a thagann le bearta eile um chomhionannas inscne a úsáideann rialtóirí agus maoinitheoirí eile (mar shampla, Screen Ireland agus an Swedish Film Institute), agus léiríonn sé gur toisc lárnach é an cothú feasachta i measc iarratasóirí ar mhaoiniú chun comhionannas inscne níos fearr a bhaint amach. Mar an gcéanna, mar thoradh ar thionscnamh Scéalta na mBan a áireamh i gcomhair Bhabhta 33 den Scéim, inar díríodh ar an ábhar ar an scáileán / ar an aer, a áireamh, go raibh scéalta ban de shaghas éigin i dtimpeall le 70% de thionscadail raidió agus 100% de thionscadail theilifíse a moladh i gcomhair

maoiniú. Is toradh dearfach é sin sa mhéid go dtugann sé deiseanna d'ábhar atá maoinithe ag Fuaim & Fís chun éachtaintí, guthanna agus tuairimí éagsúla a thairiscint don lucht féachana agus éisteachta in Éirinn.

Feidhmchlár Fuaime & Físe (Bearta Coimhdeacha) - Ó seoladh an Plean, tá roinnt scéimeanna coimhdeacha bainistithe ag an BAI mar chuid den scéim Fuaime & Físe 3. Áiríodh orthu sin dhá chiste forbartha éagsúla a oibriú: BAI / Canada Media Fund (BAI / CMF) i gcomhar leis an Canada Media Fund, agus ciste forbartha ag TG4, Screen Ireland agus BAI ar a dtugtar Cine4. Ar aon dul leis na príomhbhabhtaí Fuaime & Físe, agus mar chuid de phróiseas iarratais an BAI / CMF, ceanglaítear ar iarratasóirí faisnéis inscne a sholáthar ar na príomhróil chruthaitheacha. Úsáidtear an fhaisnéis sin ansin mar chritéar measúnúcháin. Idir an dá linn, ní mór a léiriú in iarratais ar chiste forbartha Cine4 i gcomhair príomhscannáin i nGaeilge go mbeidh cothromaíocht inscne ar fud na foirne cruthaitheachta atá á moladh agus go bhfuil riachtanais incháilitheachta ar leith acu maidir le tallann ban i bpríomhróil áirithe.i. Scríbhneoirí, Stiúrthóirí agus Léiritheoirí.

Anailís: De bharr an cheanglais a bhí ar na hiarratasóirí ar chiste forbartha an BAI / CMF agus ar scéim forbartha Cine4, cothromaíocht inscne a léiriú, tugadh léiriú níos grinne ar an tábhacht a thugann an BAI d'ionchuimsiú na mban i bpríomhróil chruthaitheacha.

Gealltanas*: Ní mór do chonraitheoirí Fuaime & Físe anois tuairisciú a dhéanamh ar inscne na bpríomhról cruthaitheach (iad siúd thuas móide eagarthóir, stiúrthóir fótagrafaíochta, srl.) d'fhonn an tráinse deiridh íocaíochta a tharraingt anuas.*

A ndearnadh: Ó Bhealtaine 2017 i leith, ceanglaítear ar gach conraitheoir faoi Fhuaim & Fís eolas a sholáthar i dtaobh inscne na bpríomhról cruthaitheach trí BAIOnline.ie mar chuid den phróiseas conraitheoireachta. Chun críocha eolais, tá na sonraí sin curtha i dtáblaí in Aguisín 2. D'fhonn an tráinse deiridh íocaíochta a tharraingt anuas, tá próiseas láidir faireacháin um chomhlíonadh i bhfeidhm ag an BAI agus is féidir leis measúnú a dhéanamh go héasca i dtaobh an bhfuil na tionscadail ag teacht le gealltanais a thug iarratasóirí maidir le hinscne. Go dtí seo, tá an leibhéal comhlíonta ard.

Anailís: Agus scrúdú á dhéanamh ar shonraí inscne conraitheoireachta faoi Fhuaim & Fís, is léir go bhfuil líon íseal ban i gceist i roinnt príomhról cruthaitheach. Tá sé seo fíor go háirithe i gcás róil a mheastar a bheith níos teicniúla, mar shampla an Stiúrthóir Fótagrafaíochta atá faoi ghannionadaíocht ghéar sa tionscal i gcoitinne, agus chomh maith leis sin in iarratais faoin scéim Fuaime & Físe (féach Aguisín 2). Cuirtear an anailís seo agus anailís eile ar ár sonraí inscne in iúl go rialta do phríomhpháirtithe leasmhara ar ócáidí rannpháirtíochta éagsúla, nó trí fhaisnéis a chomhroinnt ar í a iarraidh agus / nó trí chuir i láthair ag an BAI.

Is é tuairim an BAI go bhfuil éirithe go maith leis an gcros-seiceáil ar shonraí inscne mar chuid de phróiseas iarratais agus conraitheoireachta Fuaime & Físe mar gur fhág sé go bhfuil an BAI ábalta ar nós imeachta láidir um chomhlíonadh a chur i ngníomh. Tá comhlíonadh an ghealltanais seo tábhachtach toisc gur ceist shuntasach í inscne na bpríomhról cruthaitheach le linn na measúnachta straitéisí ar gach Babhta maoiniúcháin.

Gealltanas: *Ní mór do chraoltóirí pobail agus dóibh seo ar spéis leo ceadúnas craolacháin pobail a fháil cloí le miondealú inscne 60/40 laistigh dá mboird.*

A ndearnadh: Ceanglaítear ar gach Craoltóir Pobail agus Craoltóir Píolótach Pobail Deimhniú Rúnaí bailí a chur isteach inar cheart an miondealú inscne 60/40 a leagan amach i gcomhair struchtúr a mboird. Déantar an ceanglas seo a thomhas mar chuid de na próisis iarratais agus cheadúnúcháin. Nuair a bheidh ceadúnas ag craoltóirí pobail leis an BAI, déanfar comhlíonadh an cheanglais sin a thomhas mar chuid de na hathbhreithnithe feidhmíochta.

Ina theannta sin, ní mór do chonraitheoirí leis athrú ar chonradh a iarraidh má athraíonn comhdhéanamh an bhoird le linn thréimhse an cheadúnais craolacháin.

2. Tacú le Taighde

Gealltanas: *Taighde a chur chun cinn agus a fhoilsiú (nuair is cuí) ar Thaighde Gníomhach ar Chomhionannais Inscne*

A ndearnadh: Rinne an BAI iarracht taighde ar chomhionannas inscne a chur chun cinn agus a fhoilsiú san earnáil closamhairc. In 2019, d'iarr Ciste Taighde Meáin an BAI tograí a chuirfeadh gníomhaíochtaí rialála agus cuspóirí straitéiseacha an Údaráis chun cinn agus d'iarr sé go sonrach iarratais ar thaighde ar chúrsaí inscne in earnáil na meán in Éirinn. Fuarthas dhá iarratas den sórt sin agus - mar gheall ar a gcaighdeán agus a n-úrmhaireacht - bhronn an BAI maoiniú ar na tionscadail seo a leanas:

- *Broadcasting difference: Diversity in public broadcasting* –Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus a comhpháirtithe
- *Auditing gender and diversity change in Irish media sectors* – Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad agus comhpháirtithe

Tá conraitheoireacht ar siúl faoi láthair leis na hinstitiúidí tríú leibhéal thuas. Mar is gnách leis an Scéim Cistithe um Thaighde ar na Meáin, tá an BAI tar éis gealltanas a thabhairt cheana féin an dá phíosa taighde sin a fhoilsiú agus a chur chun cinn trína shuíomh gréasáin agus trína bhealaí ar na meáin shóisialta nuair a bheidh sé críochnaithe.

Gealltanas: *Ina theannta sin, eagróidh an BAI díospóireachtaí, nó glacfaidh sé páirt i ndíospóireachtaí, d'fhonn an beartas agus an reachtaíocht sa réimse seo a fheabhsú.*

A ndearnadh: Ghlac an BAI páirt sna himeachtaí seo a leanas:

Náisiúnta

- Fleadh Scannán na Gailimhe 2017- 2019 – Painéal um Inscne
- Fóram Oideachais an Tionscail Scannán
- An Painéal um Mná i Scannáin – IQ Baile Átha Cliath 2019
- Comhionannas Inscne faoi *IFI Spotlight*
- *Women On Air* - ócáid istoíche
- *Women in Film and TV NI – Meet the Funders*
- *Women in Film and TV – How to write a killer application*
- *Balancing the Industry* (2017) – *Women in Film and TV*
- *Building Momentum – The Road to Gender Equality* Fleadh Scannán na Gaillimhe 2017
- *MIC Limerick – Women in Film in Ireland and New Horizons* 2017

Eorpach

- Comhalta den fhoghrúpa um Inscne ag Grúpa Rialálaithe na hEorpa um Sheirbhísí na Meán Closamhairc (ERGA)
- Clár oibre an Ardáin Eorpaigh um Údarás Rialála: Breis éagsúlachta a bhaint amach (Bealtaine agus Deireadh Fómhair 2018)

Deiseanna ba ea na himeachtaí sin don BAI chun a thacair sonraí agus an dul chun cinn atá déanta aige faoin bPlean a chur i láthair, mar aon le cuidiú le feasacht níos fearr san earnáil ar aidhmeanna an BAI maidir le comhionannas inscne níos fearr.

Is léir ón liosta thuas gur ghlac an BAI páirt i réimse leathan imeachtaí do pháirtithe leasmhara, ar leibhéal náisiúnta agus Eorpach araon. Is treiside tiomantas an BAI do chuspóirí an Phlean an rannpháirtíocht a glacadh sna himeachtaí sin agus is deis ar leith atá sa rannpháirtíocht sin chun breis feasachta a mhúscailt i dtaobh obair an BAI sna cúrsaí sin.

3. Forbairt tionscnamh inscne a spreagadh go hinmheánach, agus le páirtithe leasmhara

Gealltanas: *Leanúint le tionscnaimh oiliúna agus forbartha a sheachadadh a chuireann ar chumas na mban a n-ionadaíocht sna meáin a mhéadú.*

A ndearnadh: Cuireadh raon leathan tionscnamh oiliúna agus forbartha ar fáil faoi chláir mhaoiniúcháin an BAI ar nós Forbairt agus Oiliúint Earnála, Scéim Urraíochta an BAI agus an Ciste Craolacháin Pobail. Ina measc siúd bhí:

- Sholáthair Women on Air oiliúint trína chlár oiliúna meantóireachta sna meáin New Voices atá ar bun le trí bliana anuas. Fuair 13 shaineolaí mná breise oiliúint i gcaitheamh 2018, lena n-áirítear polaiteoirí agus iriseoirí chomh maith le hionadaithe de chuid an Phobail faoi Mhíchumas agus an Lucht Siúil. Leanadh ar aghaidh ina theannta sin le hobair ar bhunachar sonraí ('An Liosta') a chur le chéile de ghairmithe mná atá ag obair i bpríomhdhisciplíní in earnáil na meán in Éirinn, d'fhonn é a chur ar fáil do ghairmithe sna meáin go luath i 2019.
- X-Pollinator - tionscnamh forbartha gairmiúla agus líonrúcháin ghairmiúil ildisciplíneach ar cuspóir dó comhoibriú idir mná a scríobhann agus a stiúrann tallann a chothú. Bhí grúpa ilchineálach ina raibh breis agus 140 rannpháirtí páirteach in imeachtaí X-Pollinator ar scríbhneoirí, stiúrthóirí agus léiritheoirí mná iad den chuid ba mhó, idir scríbhneoirí, stiúrthóirí agus léiritheoirí atá ag teacht chun cinn agus iad seo atá ar bun cheana, atá ag obair ar fud na ndisciplíní an scannánaíocht, an amharclannaíocht, an litríocht, an choiméide, an iriseoireacht agus na hamharcealaíona.
- Maoiniú Foghlama agus Forbartha Earnála do líonraí ar nós Women in Film agus Television Ireland, Líonra na mBan ag CRAOL, an t-imeacht líonrúcháin *Women in Radio* ag Learning Waves, Oiliúint Ghreasán na Meán do Scríbhneoirí Mná Drámaíochta do Leanaí sa Ghaeilge agus an t-imeacht *Promoting Diversity in the Industry* ag SPI.

Anailís: Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur cuid lárnach de chur i ngníomh an Phlean ná bualadh le páirtithe leasmhara agus cur síos a dhéanamh ar fhócas agus ar thosaíochtaí an BAI agus iad ag déileáil leis an gcomhionannas inscne. Tá a fhios ag an BAI go bhfuil clár suntasach rannpháirtíochta ar siúl le príomhpháirtithe leasmhara trína Bheartas Foghlama agus Forbartha Earnála, ar féidir leis cuspóirí an Phlean a chur chun cinn. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go raibh an rannpháirtíocht dearfach cuiditheach in 2019 agus go ginearálta, gur chuir na páirtithe leasmhara fáilte roimh obair agus dul chun cinn an BAI maidir le cúrsaí comhionannais inscne de. Ar an gcuma chéanna, tá éagsúlacht agus cáilíocht na n-imeachtaí oiliúna agus forbartha a bhaineann le hinscne a seachadadh mar chuid de chlár Foghlama agus Forbartha Earnála an BAI an-láidir agus cumasaíodh leo an Plean a chomhall ar shlí áisiúil straitéiseach.

Gealltanas: *Díriú ar dheiseanna cruthaitheacha don Scéim Fuaime & Físe - oiliúint agus babhta dírithe*

A ndearnadh: Maidir le babhta 33 den scéim Fuaime & Físe 3 ag BAI, cuireadh critéar measúnúcháin breise i gcomhair 'Scéalta na mBan' san áireamh i gcomhair gach iarratais. Bhí scéal mná de shaghas éigin ar áireamh i 70% de na tionscadail raidió agus na tionscadail teilifíse go léir a moladh i gcomhair maoiniú.

Anailís: Creideann an BAI go meastar gur slí é fócas ar Scéalta na mBan a thabhairt isteach mar chuid de Bhabhta 33 den scéim Fuaime & Físe chun an scéal a athchothromú ar an scáileán agus ar an aer, agus dearcthaí difriúla a léiriú, agus ar deireadh thiar, scéalta ó dhearcadh mná de a insint trí sheánraí agus formáidí éagsúla mar a cheadaíonn Fuaim & Fís. Tá sé róluath anailís a dhéanamh ar an tionchar, dearfach nó a mhalairt, atá ag an tionscnaimh áirithe seo, ach is léir go bhfuil teagasc láidir tugtha tríd do dhéantóirí clár i dtaobh a thábhachtaí atá an comhionannas inscne ar an aer / ar an scáileán agus lasmuigh den aer / den scáileán araon dar leis an BAI.

4. Próisis chuntasachta a fheabhsú

Gealltanas: *Plean Gníomhaíochta Inscne a fhoilsiú*

A ndearnadh: Foilsíodh an doiciméad sa dara ráithe de 2018 agus tá sé ar fáil ó láithreán gréasáin an BAI. Táthar tar éis an doiciméad a íoslódáil beagnach cúig chéad uair ó foilsíodh é den chéad uair.

Gealltanas: *Tionscnaimh faoin bPlean Gníomhaíochta Inscne a chur chun cinn, a fhoilsiú agus a mheasúnú*

A ndearnadh: Cuireadh Tionscnaimh faoin bPlean Gníomhaíochta Inscne chun cinn trí shuíomh gréasáin agus cuntais meán sóisialta an BAI. Cuireadh na tionscnaimh seo chun cinn leis ag imeachtaí éagsúla do pháirtithe leasmhara, ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta. Ina theannta sin, cruthaíodh agus comhroinneadh físeán ar na meáin shóisialta ina dtugtar sonraí i dtaobh na dTionscnamh faoin bPlean Inscne. Comhroinneadh é seo ar Lá Idirnáisiúnta na mBan, an 8 Márta 2019.

Gealltanas: *Áireoidh an BAI measúnacht ar chur i ngníomh agus ar éifeachtacht a Phlean Inscne ina Thuarascáil Bhliantúil.*

A ndearnadh: Rinne an BAI measúnacht ar an bPlean Gníomhaíochta Inscne a áireamh ina Thuarascáil Bhliantúil do 2018 agus cuirfear measúnacht bhreise san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil 2019.

Anailís: Creideann an BAI tríd is tríd go bhfuil a ghealltanas maidir le trédhearcacht agus cuntasacht i leith an Phlean comhlíonta aige. Cé go léirítear sa Phlean gealltanas do dheiseanna comhpháirtíochta chun an chuntasacht a fheabhsú a thuilleadh, rud nach bhfuil lorgtha go fóill, is é tuairim an BAI go bhfuil an gealltanas maidir le cuntasacht comhlíonta den chuid is mó. Is léir sin ó na tionscnaimh thuas, ach is follas sin leis ón rannpháirtíocht an-dearfach ag príomhpháirtithe leasmhara leis na gnéithe éagsúla den Phlean. Measann an BAI gur comhpháirtithe riachtanacha iad na heagraíochtaí sin chun cabhrú le cuspóirí straitéiseacha an Údaráis sa réimse sin a bhaint amach.

Tograí i gcomhair 2020

Tuairisceán Craoltóra - Táthar ag tuar go gcuirfear amach arís an Tuairisceán Craoltóra i 2020 ina mbeartaítear ceisteanna i dtaobh inscne agus cúrsaí éagsúlachta i gcoitinne a áireamh, agus é d'aidhm aige ár bpróiseas bailithe sonraí a leathnú amach. Tá comhthiomsú na sonraí um Thuairisceáin Craoltóirí ag brath ar acmhainní eagraíochtúla a bheith ar fáil. Ina theannta sin, tá sé beartaithe anailís a dhéanamh ar na sonraí láithreacha chun treochtaí inscne a shuíomh ar fud earnáil an raidió tráchtála. Bheadh an anailís sin leis ag brath ar acmhainní eagraíochtúla a bheith ar fáil.

Creat taighde/bailithe sonraí - Tá sé beartaithe féachaint an bhféadfaí creat bailithe sonraí a fhorbairt maidir le hinscne agus réimsí eile éagsúlachta. Bheadh an creat sin ábhar cosúil leis an gcreat a

d'fhorbair Ofcom agus bheadh sé cosúil ina theannta sin leis an gcreat a úsáideann craoltóirí sa RA (Samhail Diamond a d'fhorbair an *Creative Diversity Network*). Leanfaí le linn forbairt creata a bheadh sonrach don BAI de bheith ag díriú ar chúrsaí inscne, ach, ina theannta sin, bheadh sé tairbheach nuair a d'fhéachfaí ar shaincheisteanna a bhaineann leis an éagsúlacht i gcoitinne, mar shampla, mionlaigh eitneacha nó ionadaíocht a bheith ag daoine faoi mhíchumas sna tionscail chruthaitheacha.

Ceanglas inscne roinnte 60/40 ar an mBord Pobail - Mholfadh an Fheidhmeannacht próiseas a fhorbairt chun sonraí i dtaobh chomhlíonadh an cheanglais sin a thiomsú mar aon le próiseas chun comparáid a dhéanamh idir struchtúir na mbord ar fud na hearnála Craolacháin Pobail, ach sin faoi réir acmhainní a bheith ar fáil. Ina theannta sin, ceaptar go bhféadfadh na sonraí seo tacú le tiomsú sonraí comhchosúla do chraoltóirí tráchtála.

Conraitheoireacht agus cur chun feidhme na scéime Fuaime & Físe - Cé nach bhfuil na cláir a maoiníodh faoi bhabhta Scéalta na mBan seachadta nó craolta fós, d'fhéadfadh sé a bheith áisiúil cuimhneamh ar athbhreithniú a dhéanamh ar thionchar an tionscnaimh seo, agus san am céanna, a aithint go bhféadfadh sé a bheith deacair measúnacht shoiléir a dhéanamh ar an tionchar sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma. Tá an BAI toilteanach féachaint ar an modheolaíocht mheastóireachta is fearr, agus déanfaidh sé faireachán ar phróiseas conraitheoireachta na dtionscadal a mhaoineofar faoin mbabhta seo chun súil a choinneáil ar dhul chun cinn gach tionscadail. D'fhéadfadh modheolaíochtaí meastóireachta éagsúla a bheith san áireamh in athbhreithniú ar Scéalta na mBan, lena n-áirítear - nuair is indéanta í - anailís ar fhigiúirí an lucht féachana agus éisteachta.

Iarratais ar Scéimeanna Coimhdeacha Fuaime agus Físe - Tá sé beartaithe leanúint leis an gceanglas cothromaíocht inscne a léiriú mar chuid d'iarratas ar mhaoiniú faoi Scéim Choimhdeach Fuaime agus Físe ar bith de chuid an BAI.

Aguisín 1 – Sonraí i dtaobh Iarratais faoi Fhuaim agus Fís Babhta 30 – Babhta 33







Babhta 30 47% Mná, 51% Fir – Babhta 31 39% Mná, 56%, Fir – Babhta 32 43% Mná, 53% Fir – Babhta 33 56% Mná, 42% Fir



Babhta 30 26% Mná, 20% Fir – Babhta 31 24% Mná, 18% Fir – Babhta 32 20% Mná, 20% Fir – Babhta 33 25% Mná, 14% Fir



Babhta 30 14% Mná, 24% Fir – Babhta 31 13% Mná, 15% Fir – Babhta 32 11% Mná, 17% Fir – Babhta 33 14% Mná, 15% Fir



Babhta 32 27% Mná, 56% Fir – Babhta 33 32% Mná, 58% Fir



Babhta 30 64% Mná, 37% Fir – Babhta 31 60% Mná, 37% Fir – Babhta 32 62% Mná, 38% Fir – Babhta 33 78% Mná, 22% Fir



Babhta 30 37% Mná, 30% Fir – Babhta 31 67% Mná, 19% Fir – Babhta 32 28% Mná, 38% Fir – Babhta 33 44% Mná, 19% Fir



Babhta 30 21% Mná, 73% Fir – Babhta 31 48% Mná, 48% Fir – Babhta 32 21% Mná, 79% Fir – Babhta 33 37% Mná, 63% Fir



Babhta 32 45% Mná, 35% Fir – Babhta 33 63% Mná, 26% Fir



Babhta 32 14% Mná, 59% Fir – Babhta 33 33% Mná, 48% Fir

Aguisín 2 –Sonraí i dtaobh Conarthaí faoi Fhuaim agus Fís Bealtaine 2017 go Samhain 2019






Ról Eagarthóra Raidió - Conarthaí atá Curtha i gCrích
600
500
400
300
200
100
0
80
220
48
144
492
Eagarthóir
Mná
Fir
Níl i gceist
Níor Sonraíodh
Líon Iomlán Conarthaí Curtha i gCrích


Róil Stiúrthóra Raidió - Conarthaí atá Curtha i gCrích
600
500
400
300
200
100
0
37
64
244
146
1
492
Stiúrthóir
Mná
Fir
Níl i gceist
Níor Sonraíodh
Folamh
Líon Iomlán Conarthaí Curtha i gCrích


Príomhthallann Raidió 1 - Conarthaí atá Curtha i gCrích
600
500
400
300
200
100
0
118
103
115
156
492
Príomhthallann 1
Mná
Fir
Níl i gceist
Níor Sonraíodh
Líon Iomlán Conarthaí Curtha i gCrích


Príomhthallann Raidió 2 - Conarthaí atá Curtha i gCrích
600
500
400
300
200
100
0
92
65
169
166
492
Príomhthallann 2
Mná
Fir
Níl i gceist
Níor Sonraíodh
Líon Iomlán Conarthaí Curtha i gCrích


Róil Stiúrthóra Teilifíse - Conarthaí atá Curtha i gCrích
160
140
120
100
80
60
40
20
0
23
79
10
40
152
Stiúrthóir
Mná
Fir
Níl i gceist
Níor Sonraíodh
Líon Iomlán Conarthaí Curtha i gCrích


Róil Léiritheora Teilifíse - Conarthaí atá Curtha i gCrích
160
140
120
100
80
60
40
20
0
70
82
152
Léiritheoir
Mná
Fir
Líon Iomlán Conarthaí Curtha i gCrích


Róil Eagarthóra Teilifíse - Conarthaí atá Curtha i gCrích
160
140
120
100
80
60
40
20
0
24
59
14
55
152
Eagarthóir
Mná
Fir
Níl i gceist
Níor sonraíodh
Líon Iomlán Conarthaí Curtha i gCrích


Róil Stiúrthóra Fótagrafaíochta Teilifíse - Conarthaí atá Curtha i gCrích
160
140
120
100
80
60
40
20
0
7
65
25
55
152
Stiúrthóir Fótagrafaíochta
Mná
Fir
Níl i gceist
Níor Sonraíodh
Líon Iomlán Conarthaí Curtha i gCrích


Róil Scríbhneora Teilifíse - Conarthaí atá Curtha i gCrích
160
140
120
100
80
60
40
20
0
25
45
35
47
152
Scríbhneoir
Mná
Fir
Níl i gceist
Níor Sonraíodh
Líon Iomlán Conarthaí Curtha i gCrích


Príomhthallann Teilifíse 1 - Conarthaí atá Curtha i gCrích
160
140
120
100
80
60
40
20
0
33
45
27
47
152
Príomhthallann 1
Mná
Fir
Níl i gceist
Níor Sonraíodh
Líon Iomlán Conarthaí Curtha i gCrích


Príomhthallann Teilifíse 2 - Conarthaí atá Curtha i gCrích
160
140
120
100
80
60
40
20
0
33
27
36
56
152
Príomhthallann 2
Mná
Fir
Níl i gceist
Níor Sonraíodh
Líon Iomlán Conarthaí i gCrích